Frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach – bagairt mhéadaitheach ar shláinte an duine

Is é frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach an cumas atá ag baictéir comhrac in aghaidh gníomhaíochta antaibheathaigh nó gníomhaíochta níos mó antaibheathach. Ní bhíonn daoine nó ainmhithe frithsheasmhach in aghaidh cóireálacha antaibheathaigh, ach d'fhéadfadh baictéir a iompraíonn daoine agus ainmhithe a bheith frithsheasmhach.

Tá an t-ualach a bhaineann le hionfhabhtuithe ina bhfuil baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach ar dhaonra na hEorpa inchomparáide leis an bhfliú, leis an eitinn agus le VEID/SEIF ar fad le chéile.



Antaibheathaigh líne dheiridh

Tá ionfhabhtuithe a bhfuil baictéir iontu atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach na líne deirí, amhail carbaipeineimí agus colastanaim, is cúis le 39% den ualach.

33000 bás

Gach bliain, faigheann 33,000 duine bás ó ionfhabhtú mar gheall ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach. Tá sé sin inchomparáide leis an líon iomlán paisinéirí i níos mó ná 100 eitleán meánmhéide.

75%

d'ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte

Tá 75% d'ualach na mbaictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach san Eoraip mar thoradh ar ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte. D'fhéadfaí é sin a íoslaghdú trí bhearta leordhóthanacha chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú, mar aon le maoirseacht antaibheathach i suíomhanna cúraim sláinte.

Réitigh

Tá am fós ann an taoide in aghaidh antaibheathach a chasadh agus a chinntiú go bhfanfaidh antaibheathaigh éifeachtach sa todhchaí tríd an méid a leanas a dhéanamh:

Antaibheathaigh a úsáid go stuama agus gan iad a úsáid ach amháin nuair atá sé riachtanach.

Cleachtais mhaithe a chur chun feidhme chun ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear sláinteachas láimhe chomh maith le scagadh i leith iompar baictéar/ionfhabhtaithe atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus iompróirí/othair ionfhabhtaithe a leithlisiú.

Taighde agus forbairt antaibheathach nua a chur chun cinn le sásraí gníomhaíochta nua.

Ualach méadaitheach

Idir 2007 agus 2015, tá méadú tar éis teacht ar an ualach a bhaineann le gach ceann de na 16 bhaictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach atá faoi staidéar go háirithe i gcás *niúmóine Klebsiella* agus *Escherichia coli*

Niúmóine Klebsiella

Líon na mbásanna atá inchurtha i leith na n-ionfhabhtuithe sin a bhfuil *niúmóine Klebsiella* iontu atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí — ar grúpa d'antaibheathaigh líne dírí é – méadaithe faoi shé.

Escherichia coli

Méadaíodh faoi cheithre líon na mbásanna atá inchurtha i leith ionfhabhtuithe a bhfuil Escherichia coli an tríú glúin iontu atá frithsheasmhach in aghaidh ceifileaspóiriní.



Tá gach duine freagrach

Tá gach duine freagrach as aghaidh a thabhairt ar an mbagairt seo do shláinte an duine: othair, dochtúirí, altraí, cógaiseoirí, tréidlianna, feirmeoirí, lucht déanta beartas.

ecdc.europa.eu
antibiotic.ecdc.europa.eu

#KeepAntibioticsWorking
#EAAD